Preab-bhialann do Dhídeanaithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír faoi phreab-bhialann atá oscailte i nGaillimh le freastal ar na dídeanaithe atá ina gcónaí sa chathair. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- An féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt cé mhéad teifeach atá in Éirinn faoi láthair?
- Cén saghas lóistín a chuirtear ar fáil do theifigh in Éirinn? Cén saghas coinníollacha maireachtála a bhíonn ann, dar libh?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht Gaeilge a chur orthu, go bhfeice tú cé mhéad acu atá ar eolas agat.

1. *asylum seekers:* _____
2. *refugees:* _____
3. *indigenous food:* _____
4. *Direct Provision:* _____
5. *hosting:* _____
6. *non-profit initiative:* _____
7. *mental health difficulties:* _____
8. *future:* _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cé mhéad dídeanaí atá ina gcónaí i nGaillimh?
2. Cén úsáid a bhainfidh na dídeanaithe as an bpreab-bhialann?
3. Cén fáth ar bunaíodh an phreab-bhialann, dar le hAlan Goskea?
4. Tá athrú tagtha ar an líon daoine atá ag lorg tearmainn in Éirinn. Cén t-athrú é sin?
5. Cad iad na tíortha as a bhfuil formhór na dteifeach ag teacht?

Ceist 4 Tá canúint Uladh ag an tuairisceoir Shane Ó Curraighín. Féach ar an bpíosa deireanach den mhír arís agus éist go cúramach leis an tslí a deir sé na focail atá i gcló trom thíos:

> Tá lucht **eagraithe** na preab-bhialainne ag súil go **gcuideoidh** an tionscnamh seo **aghaidh** a thabhairt ar roinnt deacrachtaí meabhairshláinte a thagann os comhair lucht iarrtha tearmainn agus iad ag fanacht ar **chinneadh** faoina **dtodhchaí** sa tír seo.
> Shane Ó Curraighín, **Nuacht** TG4.

Pléigh an méid a thug tú faoi deara leis an duine in aice leat.

Ceist 5 Tá formhór ainmneacha tíortha baininscneach sa Ghaeilge. Féach ar an tábla thíos agus tabhair faoi deara an patrún atá le feiceáil ar ainmneacha na dtíortha. An féidir leat féin agus leis an duine in aice leat cúpla tír eile a chur sna boscaí?

Ag tosú le consan	**Ag tosú le guta**	**Ag tosú le ‘s’**
An <u>Ph</u>acastáin **An <u>Fh</u>rainc** Tíortha eile ag tosú le consan? _____ _____	**An Albáin** **An Ísiltír** Tíortha eile ag tosú le guta? _____ _____	**An tSiria** **An tSeapáin** Tíortha eile ag tosú le ‘s’? _____ _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An dóigh leat go ndéanfaidh an phreab-bhialann maitheas do shaol na ndídeanaithe i nGaillimh? Cén fáth?
2. An dóigh leat go bhfuil dóthain á déanamh ag rialtas na hÉireann chun cabhrú le géarchéim na ndídeanaithe atá ann faoi láthair?
3. An bhfuil aithne agat ar aon duine a chuaigh ar a theitheadh óna thír dhúchais nó ar aon duine a mhair in áit a raibh cogadh ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tabhair seans do gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. *asylum seekers:*	lucht iarrtha tearmainn
2. *refugees:*	dídeanaithe
3. *indigenous food:*	bia dúchasach
4. *Direct Provision:*	Soláthar Díreach
5. *hosting:*	óstaíocht
6. *non-profit initiative:*	tionscnamh neamhbhrabúis
7. *mental health difficulties:*	deacrachtaí meabhairshláinte
8. *future:*	todhchaí

Ceist 3
1. 200
2. Ullmhóidh siad a gcuid bia dúchasach féin ann agus cuirfidh siad béilí ar fáil do dhaoine eile freisin.
3. Chun tacú le dídeanaithe, agus chun léiriú dóibh go bhfuil fáilte rompu.
4. Tá dhá oiread ann anois is a bhí ann anuraidh.
5. An Nigéir, an Phacastáin, an Albáin, An tSiombáib agus an tSiria.

Ceist 4
Pléigh foghraíocht na bhfocal leis na foghlaimeoirí.

Ceist 5
Cabhraigh leis na foghlaimeoirí ainmneacha tíortha a chur sna boscaí cuí.

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola
I nGaillimh, tá preab-bhialann oscailte le cuidiú le lucht iarrtha tearmainn sa gcathair[1]. Tabharfar deis do dhídeanaithe bia dúchasach a dtíre a ullmhú saor in aisce, rud nach féidir leo a dhéanamh sna hionaid soláthair ina bhfuil siad ina gcónaí. Tuairim is 3,200 duine atá ag lorg tearmainn in Éirinn faoi láthair, sin dhá oiread is a bhí ann an t-am seo anuraidh.

Shane Ó Curraighín
Tá tearmann á lorg ag breis agus 3,200 dídeanaí sa tír seo agus tá 200 duine acu sin ina gcónaí in Ionaid Soláthar Díreach[2] i nGaillimh. Níl cead acu a mbia dúchasach a ullmhú sna hionaid seo ná tabhairt faoi óstaíocht ach an oiread. Tá tionscnamh neamhbhrabúis bunaithe i mbialann i nGaillimh ina dtugtar deis do lucht iarrtha tearmainn a mbia féin a ullmhú, gan ach an méid ar mhian leo a íoc air, agus é a roinnt ansin le mórphobal na cathrach.

Alan Goskea
Tá an togra seo ann chun cúnamh a thabhairt do na daoine atá ag lorg tearmainn. Bhí siad ag caint faoi bhialanna a bhunú agus cúpla bliain ó shin, nuair a bhí mé thíos san Astráil, bhí mé ag obair i mbialann[3] agus ní raibh aon chostas ar an bhia agus ba mhaith linn an rud céanna a dhéanamh agus fáilte a chur roimh na daoine atá ag lorg tearmainn.

Shane Ó Curraighín
Tháinig méadú faoi dhó ar líon na ndaoine ag lorg tearmainn anseo anuraidh. Is ón Nigéir, an Phacastáin, an Albáin, an tSiombáib agus an tSiria a tháinig an formhór acu.

Siphathisiwe Moyo
It was tough for me living in Direct Provision because I lived in one room with three children and I needed to choose the food that I could cook for them but I wasn't given that opportunity.

Shane Ó Curraighín
Tá lucht eagraithe na preab-bhialainne ag súil go gcuideoidh an tionscnamh seo aghaidh a thabhairt ar roinnt deacrachtaí meabhairshláinte a thagann os comhair lucht iarrtha tearmainn agus iad ag fanacht ar chinneadh faoina dtodhchaí sa tír seo.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *Ionaid Soláthair Dhírigh* a bheadh ann de réir CO 2016.
[3] *sa bhialann* a deirtear